Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2023/0172(COD)

29.11.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh (COM(2023)272 – C9-0188/2023 – 2023/0172(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Ana Miranda

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Is cuid de phacáiste beart níos leithne é an togra reatha a bhfuil sé d'aidhm aige sábháilteacht mhuirí a fheabhsú. Cé go bhfuil athruithe sonracha i gceist le gnéithe eile an phacáiste d'earnáil an iascaigh, tá sé chomh soiléir céanna go bhfuil an Treoir maidir leis an Stát brataí ríthábhachtach do phobail iascaireachta; cruthaíonn bratacha áise, mar shampla, fadhbanna i ndáil le sábháilteacht, dálaí oibre, inrianaitheacht táirge iascaigh agus cothrom iomaíochta.

Ba fhreagairt den chuid is mó é pacáiste sábháilteachta muirí 2009 do shraith tubaistí muirí, go háirithe tubaiste Prestige a tharla amach ó chósta na Gailíse in 2002. Bhí an tubaiste sin gan fasach de réir a chineáil agus bhí éifeacht uafásach aici ar bheatha mhuirí, ar éin agus ar an gcomhshaol i gcoitinne. Bhí tionchar mór aici, dá réir sin, orthu siúd uile a raibh baint acu le hiascaigh, go háirithe orthu siúd a bhí i mbun iascaireacht chósta agus iascaireacht ar mionscála agus a bhí ag obair in earnáil an tsliogéisc.

Leis an tubaiste sin, leagadh béim ar mhóreasnaimh i bhfreagairt rialtas na Spáinne – ar tarraingíodh aird uirthi sa rún ón bParlaimint tar éis na tubaiste[1] – chomh maith le héagothromaíochtaí maidir le sábháilteacht mhuirí ar fud AE. Chuir an Pharlaimint ábhair mhór imní in iúl an tráth sin maidir le bratacha áise agus rinneadh Treoir 2009 maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh roinnt dul chun cinn ó thaobh é sin a leigheas.

Measann an Coimisiún go ndearnadh Treoir 2009 a thrasuí go maith ag na Ballstáit agus gur cruthaíodh léi machaire níos comhréidhe in earnáil na loingseoireachta. Níor fhan sé cothrom le dáta, áfach, maidir le forbairtí ar leibhéal IMO agus tá neamhréireachtaí fós ann maidir le cigireachtaí agus faireachán.

Tá sé d'aidhm ag an togra ón gCoimisiún, mar sin, an Treoir a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh sí ar comhréir go hiomlán le caighdeáin IMO, chun cigireachtaí agus faireachán a chomhchuibhiú, réitigh dhigiteacha a chur chun cinn agus comhar idir údaráis na mBallstát a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag an togra oiliúint Stáit brataí a fheabhsú freisin.

Tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán le haidhm an Choimisiúin an córas reachtach reatha a thabhairt cothrom le dáta agus chun a áirithiú go mbeidh sé fós ailínithe go hiomlán le caighdeáin idirnáisiúnta. Is geal léi freisin go nglacfar go hiomlán le teicneolaíochtaí digiteacha.

Fós féin, leagann sí béim ar rúin a glacadh le déanaí ina bhfuil Parlaimint na hEorpa fós ag cur in iúl go bhfuil imní orthu faoi athrú brataí agus bratacha áise.[2] Is fadhb mhór é sin don timpeallacht agus, ó thaobh iascaigh de, dóibh siúd a bhfuil a slite beatha ag brath ar an timpeallacht sin. Léirítear na tuairimí sin sa tsochaí shibhialta i gcoitinne, sa Ghailís mar shampla, áit a bhfuil ardán *Nunca Máis* fós i mbun feachtais tar éis tubaiste Prestige chun go gcomhlíonfaidh an loingseoireacht uile in uiscí AE caighdeáin IMO.

Tá cuid de na cainéil seolta idirnáisiúnta is gnóthaí ar domhan lonnaithe san Eoraip agus tá ceist fós ann maidir le longa ag baint úsáid as bratacha áise agus iad ag dul trí limistéir mhuirí

[1] P5_TA(2004)0350
[2] Rún P9_TA(2022)0356 agus ar an gcéad léamh maidir leis an togra FuelEU Maritime, mar shampla.

íogaire, amhail conair Fisterra.

Bíonn riachtanais éagsúla ag muirí atá chomh héagsúil le Muir Bhailt, leis an Meánmhuir agus le cósta an Atlantaigh. Tacaíonn na limistéir sin uile le pobail atá ag brath ar thimpeallacht ghlan mhuirí, áfach – agus tá siad uile ag brath ar chóras sábháilteachta muirí a fheidhmíonn go cuí. Ba cheart go mbeadh an togra reatha mar chuid de na hiarrachtaí leanúnacha chun obair AE a fheabhsú maidir lenár dtimpeallacht ríthábhachtach mhuirí a chosaint – chomh maith leis an ngeilleagar, slándáil bia agus pobail atá ag brath ar iascaigh, ar an dobharshaothrú agus ar shliogéisc.

Mar fhocal scoir, is oth leis an Rapóirtéir an nós imeachta teasctha ar thug an Coiste um Iascach aghaidh air. Ba cheart go mbeadh formhaoirseacht iomlán tugtha don Choiste laistigh de scála ama réasúnta maidir le pacáiste chomh tábhachtach sin do thionscal na hiascaireachta.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ba cheart sábháilteacht loingseoireacht an Aontais agus na saoránach a úsáideann í agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú i gcónaí.	(1) Ba cheart sábháilteacht earnáil mhuirí an Aontais, maraithe agus na saoránach a úsáideann í, mar aon le folláine na bpaisinéirí agus an chriú mar aon le cosaint an chomhshaoil, a áirithiú i gcónaí. ***Ba cheart a mheabhrú i gcónaí freisin go bhfuil poist agus pobail chósta gan áireamh ag brath ar chosaint sin na timpeallachta.***

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Ba cheart leas na n-oibrithe sa tionscal muirí a ráthú, dálaí oibre cothroma agus cosaint leordhóthanach do

mharaithe a áirithiú.

Réasúnú

Leis an Treoir seo, leagtar béim, mar is ceart, ar shábháilteacht loingseoireacht an Aontais agus ar chosaint an chomhshaoil. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as aitheantas níos follasaí a thabhairt don tábhacht a bhaineann le dálaí cothroma saothair agus le leas maraithe, ar gnéithe criticiúla d'oibríochtaí muirí iad.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Faoi fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982 (UNCLOS) agus na gCoinbhinsiún arb é an IMO ina stór ina leith, tá na Stáit atá ina bpáirtithe sna hionstraimí sin freagrach as dlíthe agus rialacháin a fhógairt agus as gach beart eile a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun lanéifeacht iomlán a thabhairt do na hionstraimí sin lena áirithiú, ó thaobh shábháilteacht daoine ar muir agus chosaint na muirthimpeallachta de go bhfuil long oiriúnach don tseirbhís dá bhfuil sí ceaptha.	(2) Faoi fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982 (UNCLOS) agus na gCoinbhinsiún arb é an IMO ina stór ina leith, tá na Stáit atá ina bpáirtithe sna hionstraimí sin freagrach as dlíthe agus rialacháin a fhógairt agus as gach beart eile a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun lánéifeacht iomlán a thabhairt do na hionstraimí sin lena áirithiú, ó thaobh sábháilteacht daoine de ar muir agus chosaint na muirthimpeallachta de ***agus iad siúd a bhfuil a slite beatha ag brath ar an timpeallacht sin,*** go bhfuil long oiriúnach don tseirbhís dá bhfuil sí ceaptha.

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) D'fhéadfadh timpistí agus tubaistí loingseoireachta a bheith mar thoradh ar chásanna neamhshábháilte ar muir, rud a d'fhéadfadh tionchar nach bhfacthas a leithéid riamh a imirt ar éiceachórais mhuirí (leochaileacha). Tá ról ríthábhachtach ag farraigí agus aigéin

	maidir le haeráid an Domhain a rialáil agus is linn charbóin ollmhór iad, agus tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, na héiceachórais sin a chosaint.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá an fheidhm maidir le timpistí muirí a imscrúdú ina cuid de fhreagrachtaí na Stát brataí, agus ar leibhéal an Aontais déantar neamhspleách í ar Threoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus rialaítear leis an Treoir sin í[29]. Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo difear do Threoir 2009/18/CE.	(5) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is cuid d'fhreagrachtaí an Bhratstáit í tionóiscí muirí a imscrúdú***; i gcás ina bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go dtabharfaidh imscrúduithe ar thionóiscí tús áite don chuntasacht agus don fhoghlaim chun tionóiscí amach anseo a chosc;*** cé go ndéantar neamhspleách í ar leibhéal an Aontais agus rialaítear é le Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo difear do Threoir 2009/18/CE.
[29] Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí san earnáil iompair mhuirí agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 28.5.2009, lch. 114).	[29] Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí san earnáil iompair mhuirí agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 28.5.2009, lch. 114).

Réasúnú

Leis an Treoir, coinnítear neamhspleáchas na n-imscrúduithe ar thionóiscí muirí, rud atá bunriachtanach. Mar sin féin, ba cheart dó béim a leagan ar thábhacht an tuairiscithe chríochnúil, na trédhearcachta agus na cuntasachta sna himscrúduithe sin chun a áirithiú go bhfoghlaimeofar ceachtanna agus go gcuirfear i bhfeidhm iad chun tionóiscí amach anseo a chosc.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart riaracháin mhuirí na mBallstát a bheith ábalta brath ar acmhainní leordhóthanacha, lena n-áirítear cumas cinnteoireachta teicniúla, chun a n-oibleagáidí Stáit brataí a chur chun feidhme, i gcomhréir le méid agus cineál a gcabhlaigh agus bunaithe ar cheanglais ábhartha IMO. Chun feabhas a chur ar fheidhmíocht cháilíochtúil fhoriomlán long a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, is gá freisin faireachán dian cuimsitheach na n-eagraíochtaí aitheanta a dhéanann dualgais Stáit brataí thar ceann na mBallstát a chomhchuibhiú, lena n-áirítear rialacha a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dearadh.	(7) Ba cheart riaracháin mhuirí na mBallstát a bheith ábalta brath ar acmhainní leormhaithe, lena n-áirítear cumas cinnteoireachta teicniúla, chun a n-oibleagáidí Stáit brataí a chur chun feidhme, i gcomhréir le méid agus cineál a gcabhlaigh agus bunaithe ar cheanglais ábhartha IMO. Ba cheart lánaird a thabhairt ar riaracháin faoi bhun leibhéal na mBallstát a bhfuil inniúlachtaí acu in earnáil an iascaigh, i gcomhréir le dlíchóras gach Ballstáit. Chun feabhas a chur ar fheidhmíocht cháilíochtúil fhoriomlán long a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, is gá freisin faireachán dian cuimsitheach na n-eagraíochtaí aitheanta a dhéanann dualgais Stáit brataí thar ceann na mBallstát a chomhchuibhiú, lena n-áirítear rialacha a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dearadh.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ba cheart íoschritéir agus spriocanna cigireachta a bhaineann leis na hacmhainní sin a bhunú ar bhonn thaithí phraiticiúil na mBallstát, lena n-áirítear úsáid cigirí neamh-eisiacha, trí bhearta cur chun feidhme.	(8) Ba cheart íoschritéir agus spriocanna cigireachta a bhaineann leis na hacmhainní sin a bhunú ar bhonn thaithí phraiticiúil agus bhreathnóireachta na mBallstát, lena n-áirítear úsáid cigirí neamh-eisiacha, trí bhearta cur chun feidhme.

Réasúnú

Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh an taithí theoiriciúil ar an gceann is úsáidí le haghaidh cigireachtaí, is féidir le taithí bhreathnóireachta dul chun tairbhe go mór do na Ballstáit maidir leis an gcás is fearr a chur chun feidhme bunaithe ar modus operandi i dtíortha eile trí

léargais phraiticiúla, deiseanna foghlama, agus bunús le haghaidh cinnteoireacht fheasach a chur ar fáil.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Le comhlíonadh scéime comhchuibhithe fothaithe acmhainneachta iarcháilíochta ag suirbhéirí agus cigirí Stáit brataí , ba cheart go n-áiritheofaí cothroime iomaíochta idir riaracháin mhuirí agus go gcuirfí le feidhmíocht cháilíochtúil long a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu.	(9) Le comhlíonadh scéime comhchuibhithe fothaithe acmhainneachta iarcháilíochta ag suirbhéirí agus cigirí Stáit brataí , ba cheart go n-áiritheofaí cothroime iomaíochta idir riaracháin mhuirí agus go gcuirfí le feidhmíocht cháilíochtúil long a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu. ***Ba cheart oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil do mharaithe a áirithiú ionas go bhfanfaidh siad cothrom le dáta le caighdeáin sábháilteachta agus chomhshaoil atá ag teacht chun cinn.***

Réasúnú

Is céim dhearfach é an clár fothaithe acmhainneachta do shuirbhéirí agus cigirí an Stáit brataí. Chun an méid sin a fheabhsú, d'fhéadfaí béim a leagan ar dheiseanna leanúnacha forbartha gairmiúla agus oiliúna chun a áirithiú go bhfanfaidh na gairmithe sin inniúil i gcónaí chun iad féin a chur in oiriúint do chaighdeáin sábháilteachta agus chomhshaoil atá ag teacht chun cinn.

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Le bunú agus forbairt bunachair sonraí lena soláthraítear faisnéis bhunriachtanach, i bhformáid leictreonach ar longa a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, ba cheart go gcuirfí le malartú feabhsaithe faisnéise, go gcuirfí feabhas breise ar thrédhearcacht feidhmíochta cabhlaigh ardcháilíochta agus go mbeifí	(11) Le bunú agus forbairt bunachair sonraí lena soláthraítear faisnéis bhunriachtanach, i bhformáid leictreonach ar longa a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, ba cheart go gcuirfí le malartú feabhsaithe faisnéise, go gcuirfí feabhas breise ar ***dhálaí oibre agus ar phá an chabhlaigh*** chun ***cleachtais saothair***

ábalta faireachán feabhsaithe a dhéanamh ar oibleagáidí Stáit brataí chun cothroime iomaíochta idir riaracháin mhuirí a áirithiú.	***chothroma a chur chun cinn*** agus lena bhféadfaí faireachán feabhsaithe a dhéanamh ar oibleagáidí Stáit brataí chun cothroime iomaíochta idir riaracháin mhuirí a áirithiú.

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) Ba cheart trédhearcacht in oibríochtaí muirí a áirithiú mar aon le cuntasacht úinéirí long as aon sárú ar rialacháin sábháilteachta nó chomhshaoil.

Réasúnú

Tá sé ríthábhachtach rochtain ar fhaisnéis a áirithiú do na húdaráis ábhartha chun críoch faireacháin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí forálacha a dhéanamh chun sceithirí a thuairiscíonn sáruithe sábháilteachta nó comhshaoil a chosaint, rud a chuirfeadh le cultúr trédhearcachta agus cuntasachta.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12b) Ba cheart do na húdaráis ábhartha sásraí a bhunú do sceithirí chun sáruithe sábháilteachta agus comhshaoil a thuairisciú gan faitíos roimh fhrithbheart.

Réasúnú

Ba cheart go soláthrófaí leis an Treoir freisin sásraí soiléire d'oibrithe chun ábhair imní maidir le sábháilteacht agus maidir leis an gcomhshaol a thuairisciú, lena gcothaítear cur chuige réamhghníomhach i leith na sábháilteachta.

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Chun cúrsaí Stáit brataí a phlé, lena n-áirítear saincheisteanna teicniúla, agus chun malartú saineolais agus faisnéise a éascú, ba cheart grúpa ardleibhéil a bhunú maidir le cúrsaí Stáit brataí a bheidh comhdhéanta d'údaráis náisiúnta na mBallstát, de shaineolaithe Stáit brataí agus de chigirí, chomh maith le saineolaithe ón earnáil phríobháideach, de réir mar is iomchuí.	(17) Chun cúrsaí Stáit brataí a phlé, lena n-áirítear saincheisteanna teicniúla, agus chun malartú saineolais agus faisnéise a éascú, ba cheart grúpa ardleibhéil a bhunú maidir le cúrsaí Stáit brataí a bheidh comhdhéanta d'údaráis náisiúnta na mBallstát, de shaineolaithe Stáit brataí agus de chigirí, chomh maith le saineolaithe ón earnáil phríobháideach, agus ***i gcás inarb*** iomchuí, saineolaithe ón earnáil phríobháideach ***agus ionadaithe oibrithe muirí***.

Réasúnú

Is forbairt dhearfach é grúpa ardleibhéil a bhunú le haghaidh cúrsaí a bhaineann leis an mBratstát. Mar sin féin, d'fhéadfaí é a neartú trí ionadaíocht ó oibrithe agus óna n-ionadaithe a áireamh chun cur chuige iomlánaíoch maidir le rialachas muirí a áirithiú.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ba cheart uirlis tuairiscithe leictreonach a bhunú chun bailiú comhsheasmhach staidrimh ábhartha agus sonraí muirí agus faisnéise ó na Ballstáit a fheabhsú tuilleadh.	(18) Ba cheart uirlis tuairiscithe leictreonach a bhunú chun bailiú comhsheasmhach staidrimh ábhartha agus sonraí muirí agus faisnéise ó na Ballstáit a fheabhsú tuilleadh, agus ***oibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana i ngníomhartha eile de chuid an Aontais amhail Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 á gcur san áireamh***.

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sula gceadófar long a oibriú, ar deonaíodh an ceart di a bratach a chur ar foluain, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go gcomhlíonfaidh an long i dtrácht na rialacha agus na rialacháin idirnáisiúnta is infheidhme. Go sonrach, déanfaidh sé taifid sábháilteachta na loinge a fhíorú trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha cigireachta agus na deimhnithe atá sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 6a. Rachaidh sé i gcomhairle, más gá, leis an Stát brataí caillteach d'fhonn a shuí an bhfuil aon easnaimh nó saincheisteanna sábháilteachta arna sainaithint ag an Stát sin fós gan réiteach.	1. Sula gceadófar long a oibriú, ar deonaíodh an ceart di a bratach a chur ar foluain, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go gcomhlíonfaidh an long i dtrácht na rialacha agus na rialacháin idirnáisiúnta is infheidhme***, go háirithe maidir le dálaí oibre maraithe agus cosaint an chomhshaoil***. Go sonrach, déanfaidh sé taifid sábháilteachta na loinge a fhíorú trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha cigireachta agus na deimhnithe atá sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 6a. Rachaidh sé i gcomhairle, más gá, leis an mBratstát caillteach ***chun aghaidh a thabhairt ar*** aon easnaimh nó saincheisteanna sábháilteachta atá fós gan réiteach***. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhoibriú sin a áirithiú go réiteofar aon uireasaí nó aon ábhar imní sábháilteachta atá fós gan réiteach go hiomlán sula n-oibreoidh an long***.

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cosc a chur ar sheoladh na loinge go dtí go bhféadfaidh na longa sin dul ar muir i gcomhréir le ceanglais rialacha agus caighdeán idirnáisiúnta;	(a) cosc a chur ar sheoladh na loinge go dtí go bhféadfaidh na longa sin dul ar muir i gcomhréir le ceanglais rialacha agus caighdeán idirnáisiúnta; ***lena n-áirítear druileanna sábháilteachta agus freachnaimh shábháilteachta rialta a dhéanamh chun ullmhacht na foirne le haghaidh cásanna éigeandála a áirithiú, agus rialacháin maidir le huaireanta scíthe na foirne a fhorfheidhmiú chun***

tionóiscí a bhaineann le tuirse a chosc;

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a áirithiú go ndearnadh suirbhéireacht ar longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain i gcomhréir leis na treoirlínte suirbhé faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC); ***agus***,	(b) a áirithiú go ndearnadh suirbhéireacht ar longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain i gcomhréir leis na treoirlínte suirbhé faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC); ***Áirítear leis sin iniúchtaí comhshaoil a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán a bhaineann le hastaíochtaí, le bainistiú uisce ballasta, agus le hábhair imní eile a bhaineann leis an gcomhshaol***, ***ag dul níos faide ná gnáthchigireachtaí sábháilteachta;***

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) Cultúr sábháilteachta ar bord a chur chun cinn trí thuairisciú ar neasteagmhais agus ar dhálaí neamhshábháilte a spreagadh, chomh maith le feabhas leanúnach a chur ar chleachtais sábháilteachta;

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/21/CE

Airteagal 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(bb) Comhoibriú le Stáit bhrataí eile agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile chun cigireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh, faisnéis a roinnt, agus iarrachtaí forfheidhmiúcháin a chomhchuibhiú chun forfheidhmiú éifeachtach rialacha agus caighdeán idirnáisiúnta a áirithiú;

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cigireachtaí forlíontacha Stáit brataí ar longa chun bail iarbhír na loinge a fhíorú i gcomhréir leis na deimhnithe a iompraítear orthu.	(c) cigireachtaí forlíontacha Stáit brataí ar longa chun bail ***agus dálaí oibre*** iarbhír na loinge a fhíorú i gcomhréir leis na deimhnithe a iompraítear orthu. ***Ba cheart go gcuimseodh na cigireachtaí sin oiliúint agus leas foirne freisin, lena n-áiritheofar go bhfaighidh baill foirne oiliúint chuí i nósanna imeachta sábháilteachta agus comhshaoil, agus go gcosnófar a gcearta agus a ndea-bhail i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006 (MLC 2006);***

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) Ardteicneolaíocht faireacháin a úsáid, amhail rianú satailíte agus cianbhraiteoirí, chun gníomhaíochtaí

loinge a rianú agus chun rialacháin a chomhlíonadh i bhfíor-am;

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 4a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) Ceangal a chur ar longa tuarascálacha rialta a chur isteach maidir le sábháilteacht agus comhlíonadh comhshaoil agus na tuarascálacha sin a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha lena n-athbhreithniú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar thuairisciú agus ar thrédhearcacht.

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) Faisnéis a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil na loinge, amhail sonraí astaíochtaí (e.g. astaíochtaí gás ceaptha teasa, astaíochtaí ocsaíd sulfair) agus sonraí maidir le bainistiú uisce ballasta agus substaintí eile a d'fhéadfadh truailliú a dhéanamh;

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gb) Sonraí faoi chriú na loinge, lena n-áirítear a gcáilíochtaí, a ndeimhnithe agus a n-uaireanta scíthe, chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacháin saothair agus sábháilteachta;

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gc) Tuairisciú a dhéanamh ar aon tionóiscí, teagmhais, nó neasteagmhais, mar aon leis na gníomhartha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt orthu, a chuireann le cultúr réamhghníomhach sábháilteachta;

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gd) Faisnéis faoi chineál, faoi chainníocht agus faoi láimhseáil an lastais, go háirithe i gcás longa a bhfuil ábhair ghuaiseacha nó earraí contúirteacha á n-iompar acu, chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán iompair agus sábháilteachta;

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ge) Sonraí a bhaineann le Córas Bainistíochta Sábháilteachta na loinge, lena n-áirítear taifid ar chruinnithe sábháilteachta, measúnuithe ar ghuaiseacha, agus gníomhartha ceartaitheacha a rinneadh;

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gf) Sonraí maidir le bearta slándála agus comhlíonadh na gcód agus na gcoinbhinsiún slándála muirí idirnáisiúnta, atá ábhartha go háirithe i dtimpeallacht an lae inniu atá feasach ar an tslándáil;

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gg) Faisnéis maidir le huasghráduithe teicneolaíochta, cothabháil trealaimh, agus modhnuithe a bhaineann le sábháilteacht a rinneadh ar an long;

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gh) Taifid a bhaineann le leas agus dálaí maireachtála maraithe, lena n-áirítear taifid ar ghearáin nó ar ábhair imní ón bhfoireann;

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gi) Cumas na mBallstát barántúlacht agus bailíocht na ndeimhnithe agus na ndoiciméad a thíolacann an long a fhíorú, rud a chuideoidh leis an gcalaois a chomhrac agus comhlíonadh a áirithiú;

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(gj) Tuairisciú ar chleachtais inbhuanaitheachta, amhail ídiú breosla, bearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus iarrachtaí chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, ag ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta domhanda.

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10

Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) Moltaí agus treoirlínte a fhorbairt maidir le cigireachtaí agus nósanna imeachta Stát brataí lena dtugtar tús áite do chearta agus sábháilteacht oibrithe ar longa a chosaint, lena n-áirítear rannpháirtíocht ionadaithe na n-oibrithe i gcigireachtaí sábháilteachta;

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jb) Moltaí a sholáthar maidir le cigireachtaí agus nósanna imeachta bratstáit lena gcuirtear béim ar chomhlíonadh comhshaoil, lena n-áirithítear go bhfuil longa ag cloí le rialacháin agus treoirlínte comhshaoil idirnáisiúnta;

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jc) Cabhrú le bearta a fhorbairt chun freagracht shóisialta agus comhlíonadh caighdeán saothair ar longa a chur chun cinn, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar leas na foirne, ar dhálaí oibre, agus ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí, 2006 (MLC, 2006);

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jd) Stáit bhrataí a spreagadh chun dul i dteagmháil le pobail áitiúla i gcalafoirt cuarda chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhar imní sóisialta nó comhshaoil a bhaineann le hoibríochtaí long, agus caidrimh dhearfacha agus cleachtais fhreagracha mhuirí á gcur chun cinn;

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(je) Comhairle a thabhairt maidir le teicneolaíochtaí nua a chomhtháthú, amhail uirlisí tuairiscithe dhigitigh agus gairis Idirlíon na Rudaí Nithiúla, chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcigireachtaí agus na maoirseachta a dhéanann an Stát brataí, agus gnéithe príobháideachais sonraí agus cibearshlándála á gcur san áireamh ag an am céanna;

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jf) Sásraí a bhunú chun coinbhleachtaí a réiteach agus díospóidí a réiteach a bhaineann le cigireachtaí agus nósanna imeachta Bratstát, lena n-áiritheofar próisis chothroma thrédhearcacha.

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iva) Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glasa agus i dteicneolaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, amhail breoslaí níos glaine a úsáid nó trealamh chun astaíochtaí a laghdú, chun iarrachtaí a léiriú chun lorg comhshaoil an fhlít faoi bhratach a laghdú;

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ivb) Tionscnaimh agus bearta arna ndéanamh chun cultúr sábháilteachta a chur chun cinn ar bord long, lena n-áirítear cláir oiliúna, druileanna sábháilteachta, agus feachtais chun feasacht a mhúscailt i measc baill foirne maidir le cleachtais sábháilteachta;

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ivc) Aon teagmhais, timpistí nó sáruithe a bhaineann le ceanglais sábháilteachta agus le ceanglais maidir le cosc ar thruailliú, mar aon le gníomhaíochtaí a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu, agus trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn;

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/21/CE
Airteagal 9b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ivd) Comhoibriú le Ballstáit eile agus le comhlachtaí idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar chosc ar thruailliú, lena n-áirítear cigireachtaí comhpháirteacha, comhroinnt faisnéise, agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh idirnáisiúnta chun sábháilteacht mhuirí agus cosaint an chomhshaoil a fheabhsú;

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh
Tagairtí	COM(2023)0272 – C9-0188/2023 – 2023/0172(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	TRAN 10.7.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	PECH 10.7.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Ana Miranda 5.9.2023
Pléite sa choiste	9.10.2023
Dáta an ghlactha	29.11.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 20 –: 3 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Izaskun Bilbao Barandica, Isabel Carvalhais, Maria da Graça Carvalho, Asger Christensen, Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Anja Haga, Niclas Herbst, Ladislav Ilčić, France Jamet, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Ana Miranda, João Pimenta Lopes, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Marc Tarabella, Theodoros Zagorakis
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Gabriel Mato
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Erik Poulsen, Anne Sander

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

20	+
PPE	Maria da Graça Carvalho, Anja Haga, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Anne Sander, Theodoros Zagorakis
Renew	Izaskun Bilbao Barandica, Asger Christensen, Erik Poulsen
S&D	Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić
Grúpa na Clé	João Pimenta Lopes
Verts/ALE	Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Ana Miranda, Caroline Roose

3	-
ECR	Ladislav Ilčić, Bert-Jan Ruissen
ID	France Jamet

1	0
NI	Marc Tarabella

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh